# AMÁRAĊ 3d

# Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábhar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

iml. 11. uiṁ. 18. Aoine, 7ú Bealtaine, 1965.


EAGARḞOCAL. 7-5-1965.

## Baintear úsáid as

Faoi ḋó le bliain anuas, rinneamar tagairt insan ṗáipéar seo, in eagarḟocal agus in altanna nuaíoċta, faoi an droċ ċaoi a bhí ar Ḋún na nGall agus Gaeltaċt Ḋún na nGall agus an taoḃ ṫiar den ċondae, aċ go h-áiṫrid. de ṫairbhe easpa ceangail le Baile Áṫa Cliaṫ, agus an ċuid eile den tír. Ṁolamar ar tús, d'iarramar 'na ḋiaiḋ sin, agus d'éilíomar 'na ḋiaiḋ sin arís, go gcuirfí luas-seirbhís bus tríd Inis Ceiṫleann go Baile Ḋún na nGall, agus ansin, fríd an taoḃ ṫiar den ċondae. Nó. mar ṁalairt air sin, luas-seirbhís bus go Sligeaċ, ag ceangal leis an luas-traen go Baile Áṫa Cliaṫ. Dúramar gur fíor-riaċtanas é seo do ṗobal Iarṫar Ḋún na nGall iad féin, insan ċéad ċás do ċúrsaí tráċta agus tionscal agus forbarṫa, sa dara cás agus do ċúrsaí turasóireaċta, insan tríú cás. Nuair a d'ḟáiltíomar roiṁ an luas-seirbhís go Leitir Ceanainn, dúramar gur beag maiṫeas a ḋéanfaḋ sé don Ġaeltaċt agus don Iarṫar. agus go gcaiṫfí an dara seirbhís a ċur ar fáil. Luaḋ an rud céanna óna nótaí nuaíoċta ón Ġaeltaċt ar fad.

Is mór an lúṫáir agus an táṫas atá orainn anois, a ḟógairt gur géilleaḋ dár n-iarratas agus dár n-éiliṁ, agus go mbeiḋ an luas-seirbhís sin ar fáil nó, déanta na fírinne go bhfuil sé ar fáil, ó Luan na seaċtaine seo agus is seirbhís, cumasaċ, éifeaċtaċ ciallṁar atá ann. Ó ṫaoḃ Ḋún na nGall. agus Gaeltaċt Ḋún na nGall aċ go h-áiṫrid a bhfuil muid ag cuiṁniú air, agus is maiṫ mar atá an seirbhís leagṫa amaċ. Fágfaiḋ bus Baile Ḋún na nGall ar a 9 a'ċlog gaċ lá, agus raċfaiḋ sé fríd Béal Áṫa Seanaiġ, Inis Ceiṫleann agus Cábhain, go Baile Áṫa Cliaṫ. Beiḋ sé istiġ i mBaile Áṫa Cliaṫ ar 1.50 i.n. Is féidir le duine gnó a ḋéanaṁ ansin, óna 2 a'ċlog go dtí a 6 a' ċlog, agus an luas-seirbhís a ḟáil ṫar n-ais. ón Busaras ag 6.10 i.n., agus a beiṫ ṫar n-ais i mBaile Ḋún na nGall ar 11 i.n. Seo seirbhís ciallṁar. Seo seirbhís ar ċeart go mbainfí úsáid ṁór as ag pobal Ġaeltaċta Ḋún na nGall. Ċoṁ maiṫ leis sin, fágann bus baile Ḋún na nGall ar 2.30 i.n. agus ṡroiċeann sé Baile Áṫa Cliaṫ ar 7.20 i.n. Agus ar an Doṁnaċ tá bus insan tráṫnóna ag 5.40 i.n. a ṡroiċeann Baile Áṫa Cliaṫ ag 10.30 i.n.

Is seirbhís réasúnta é seo, a ċuireas ar ċumas gná ṗobal Ġaeltaċt Ḋún na nGall, dul go Baile Áṫa Cliaṫ ċun gnó a ḋéanaṁ agus ceangal a ḋéanaṁ leis an ċuid eile den tír.

Gabhaimíd buíoċas le Córas Iompar Éireann as an seirbhís do ċur ar fáil, agus as é a ṗleanáil ċoṁ ciallṁar sin. Tá súil againn anois, go mbainfiḋ pobal na Gaeltaċta, agus pobal Iarṫar Ḋún na nGall, i gcoitiana. úsáid as ċoṁ fada agus is féidir. Tá an táille réasúnta go leor. Faoi mar a ṫéid cúrsaí agus airgid, insan am i láṫair, ó baile Ḋún na nGall go Baile Áṫa Cliaṫ, sé an táille singil ná 35s. agus níl caill ar biṫ ar sin. Ag Óstán an Abbey i mBaile Ḋún na nGall is féidir na ticéidí do ḟáil don turas, agus tá moill ceaṫrúuaire ag Cabháin, áit ar féidir cupán tae d'ḟáil.

Tá seirbhís réasúnta maiṫ ó Baile Áṫa Cliaṫ coṁ maiṫ. Dá ṫuras sa lá, agus turas aṁáin ar an Doṁnaċ. Ar maidin laeṫa na seaċtaine, fágann sé Baile Áṫa Cliaṫ ar 9.30 ar maidin, agus ṡroiċeann sé baile Ḋún na nGall ag 2.20 i.n. Fágann bus eile Baile Áṫa Cliaṫ ag 6.10 i.n. agus ṡroiċeann sé baile Ḋún na nGall ag 11.00. Dé Doṁnaiġ fágann sé Baile Áṫa Cliaṫ ag 10.45 agus sroiċeann sé baile Ḋún na nGall ag 3.35 i.n. Is ais ar leiṫ é seo a ḃéas íontaċ tábhaċtaċ do ċúrsaí turasóireaċta i nDún na nGall, agus ba ċeart don ġnáċ ṗobal agus do ċuairteoirí oiread úsáide agus is féidir a baint as an córas seo, d'ḟonn agus go leanfaí de.

Fáiltímíd roiṁ an turas nua, agus guímíd raṫ air, agus gabhaimíd ár mbuíoċas le Córas Iompar Éireann, as é ċur ar fáil.

# An slí dtoġtar an tSeanad

## Caoi don Ghaeltaċt guṫ fáil sa Ṗairliméid

—SEAN MAC COṀGAILL.

Tá cúrsaí toġċáin na Seanaide ar siúl arís agus beiḋ, go ceann míosa eile.

Coṁairleoirí Condae, T.D., agus na sean-Seanadóirí, an dream a bhfuil ḃótaí acu insan toġċáin seo, agus is beag baint atá ag an gnáċ ṗobal ann. Idir 800 agus 900 an toġlaċ, agus tá 5 ḃótaí ag gaċ duine acu. Ḃóta ar gaċ rolla fé leiṫ de na cúig rollaí.

Ní h-ionann an méid suíoċán atá ar gaċ rolla róiḃ. Tá 11 ar an rolla Oibreaċais, agus an rolla Talṁaíoċta, 9 ar an rolla Tionscail agus Tráċtála, 7 ar an rolla Riaraċáin agus 5 ar an rolla Saíoċta agus Oideaċais.

**Tá ionadaí aṁáin ag muintir na Gaeltaċta, Peadar Ó Ceallaiġ, agus is ar an rolla Saíoċta agus Oideaċais atá sé.**

Ag an toġċán deireannaċ, ḃí sé ar an duine deireannaċ ar an rolla sin, a fágaḋ as, cé go raiḃ 19 ar an rolla, ar lorg na 5 suíoċáin.

**Críoċnaiġ na hainmniúċáin do na rollaí ar leiṫ, Dé hAoine seo caite, agus ag an am sin, ḃí 17 ainmniṫe ar an rolla Saíoċta agus Oideaċais. Toisc go bhfuil an méid céanna ḃótaí ar gaċ rolla, agus go bhfuil níos mó suíoċáin ar ċuid acu ná ar ċuid eile, ní hionann an gnólíon in aon dá ċeann. Bíonn an gnólíonn coṁ h-íseal le 70 ar na rolla Talṁaíoċta agus Oibreaċais, aċ, tá sé a ḋá oiread sin, timpeall 140, ar an rolla Saíoċta agus Oideaċais.**

An t-am deiriḋ, fuair Ó Ceallaiġ 51 ḃótaí, uiṁir 1, agus ḃí 79 aige ar an 13ú cuntas, nuair a fágaḋ as é.

Tá 13 coṁluċta ainmniúċáin eile ar an rolla seo, agus ina measc tá Cumann na Múinteoirí Náisiúnta, An Cumann Gairm-Oideaċais, Coṁairle na nDlíodóirí, Coṁairle na nAturnaeṫa coṁ maiṫ le Doċtúirí, Fiaclóirí, Lia-Beiṫíoċ agus a leiṫéidí.

Taréis dióbh duine do ainmniú, bíonn siad go léir gníoṁaċ go maiṫ, ag lorg tacaíoċt dá n-ionadaí féin.

Más maiṫ le Muintir na Gaeltaċta seans a beiṫ acu go gcuirfeaḋ siad a n-ionadaí féin isteaċ, an tam seo, ní miste dióbh ċur ċuige láiṫreaċ, ċun gríosaḋ agus brú a ḋéanaṁ ar na Coṁairleoirí Condae, aċ go h-áiṫrid os iad is líonṁaire, coṁ maiṫ le T.D., agus Seanadóirí ar ḃótaí a ċaiṫeaṁ do ionadaí Ṁuintir na Gaeltaċta.

Ins na condaeṫa Gaeltaċta, ⁊ go h-áiṫrid na tóġranna, ina bhfuil Gaeltaċtaí, tá roinnt ṁaiṫ Coṁairleoirí Condae, agus dá gcaiṫeaḋ gaċ duine acu ḃóta ar son Ionadaí Ṁuintir na Gaeltaċta, d'ḟéadfaḋ sé go h-éasca. go gcuirfí isteaċ é.

D'ḟéadfaḋ Muintir na Gaeltaċta cabhair ṁór do ṫabhairt ċuige seo, aċ labhairt leis na Coṁairleoirí seo, nó scríobhaḋ ċuca agus iarraiḋ orṫa a gcuid ḃótaí do ċaiṫeaṁ aṁlaiḋ.

Is de réir móḋ na h-ionadaċta cionṁaire, a caitear na ḃótaí. Sé sin, go bhfuil ḃóta aṁáin ag an duine ar an rolla, aċ go dtig leis an ḃóta sin a aistriú, 1, 2 nó 3, agus de réir sin.

**Aċ, ní h-ionann luaċ don uiṁir 2, i gcónaí. Cuir i gcás ḃí daoine ar an rolla seo an t-am deireanaċ, naċ bhfuair aċ 4 nó 5 ḃótaí, nó 12 nó 14 agus fágaḋ as iad.**

Ba ionann seo agus gur dearnaḋ uiṁir 1, do gaċ uiṁir 2, a ḃí acu.

**Ar an dtaoḃ eile de, daoine mar Míċeál Ó hAoḋa agus Liam Ó Buaċalla, a fuair isteaċ, ní raiḃ aċ trí nó ceiṫre ḃótaí, nó ḃóta nó ḋó ṫar an gnólíon acu, agus ba ionann seo, agus go dtógfaḋ sé 70 nó 80, nó 100, nó níos mó, uiṁir 2, le uiṁir 1 aṁáin a ḋéanaṁ.**

Ḃí guṫ ag an Ġaeltaċt insan Seanad ó bunaíoḋ an tSeanad faoi an Bhunreaċt go dtí tá dá mí ó ṡin. Ḃí Pádraic Ó Máille, a' labhairt ṫar a gcionn, ar feaḋ fada go leor. Ḃí Cú Uladh, as Gaeltaċt an Tuaiscirt, 'na ḋiaiḋ sin, agus taréis sin arís, ḃí "An Seabhac."

**Aċ, nuair a d'éag "An Seabhac" tá cúpla mí ó ṡin, níor ainmníġ an Taoiseaċ fé mar a déantaí roiṁe seo, duine ón nGaeltaċt don tSeanad, d'ainmniġ sé bean as Bailebunion. Tá seans anois ag an Ġaeltaċt gan buíoċas do ḋuine ar biṫ eile a n-ionadaí féin a ċur isteaċ, agus guṫ a ṫabhairt don Ġaeltaċt i gcúrsaí na tíre.**



PEADAR Ó CEALLAIĠ

**Ionadaí Muintir na Gaeltaċta i dToġaċán na Seanaide Rolla Saíoċta agus Oideaċais.**

Leis an aṫrú dóċasaċ atá ann i gcúrsaí na Gaeltaċta, agus go h-áiṫrid le ceapaċán Ṗádraic Uí Ḟaċtna, mar rúnaí pairliminte don Ġaeltaċt, b'ḟiú go maiṫ don Ġaeltaċt, dá mbeaḋ guṫ acu i gcúrsaí poiblí, lena dtuairimí féin a ċur in iúl. agus le cintiú naċ gcaillfiú an ċabhair a tugtar don Ġaeltaċt, ar an slí ċun na Gaeltaċta.

## Turas ar Tigín an Ṗiarsaiġ

### Sluaġaḋ Gaeilgeoirí go Rosmuc

Ḃí ós cionn 200 a ċuaiġ ar oiliṫreaċt na nGaeilgeoirí ó Baile Áṫa Cliaṫ agus ó Ġaillim, go tigín an Ṗiarsaiġ, Rosmuc, Dé Doṁnaiġ seo caite.

Faoi ċoimirce Coiste Cuiṁneaċáin an Ṗiarsaiġ agus Muintir na Gaillime i mBaile Áṫa Cliaṫ, a reaċtáileaḋ an turas. agus ḃí traen ar leiṫ, agus busanna ag C.I.É. ċuige.

Nuair a ṫáinig siad ḟad le Gaillim, d'ḟáiltiġ an Méire, P. Ó Flaṫarta, agus Cléireaċ an Ḃaile, P. S. Mac Uaiḋt, rompa, agus ansin. ċuadar ar aġaiḋ i scaoṫ busanna go dtí Rosmuc.

Pádraig Óg Ó Conaire, as Rosmuc, atá 'na ċónaí i mBaile Áṫa Cliaṫ le fada, a d'éagraiġ an turas. Ḃí sé ar ḋuine de na céad daltaí a ċuaiġ ar scoil an Ṗiarsaiġ —Scoil Éinde.

Ag Rosmuc, ċuaiġ na cuairteoirí ṫar ar tigín ḃeag an Ṗiarsaiġ, an áit a gcaiṫeaḋ sé a ṡaoire saṁraiḋ agus deireaḋ seaċtaini go minic, agus é ag maċnaṁ ar cúrsaí náisiúntaċta agus ag cumaḋ na n-óráidí a spreag muintir na hÉireann lena linn.

Ḃronn luċt an turais, brat na hÉireann agus cuaille brat, ar an tigín. Ardófar an brat ḋá uair sa ḃliain. Go lán airde ar lá cuiṁneaċán Éirí Amaċ 1916, agus leaṫ-airde ar lá cuiṁneaċán bás an Ṗiarsaiġ. Ċoisreac an tAṫair Liam Ó Móráin, S.P., Rosmuc, an brat, agus taréis an tearmanas, ḃí na cuairteoirí i láṫair ag Aeríoċt mór, ina raiḃ damseoirí agus ceoltoirí na Gaeltaċta le feiceáil.

**Ag cruinniú poiblí taréis sin. léiġeaḋ óráid an Ṗiarsaiġ ar uaiġ Uí Donabháin-Rosa. Óráid a ċum sé insan tigín beag i Rosmuc. Ag an cruinniú poiblí seo, glacaḋ d'aon ġuṫ le rún, ag iarraiḋ ar an Rialtas agus ar na Coṁairlí Condae agus udaráis poiblí eile, a raiḃ spéis acu i ndul ċun cinn na Gaeltaċta, féaċaint ċuige, go dtógfaí droiċead idir Camus agus Rosmuc, agus go n-ainmeofaí é mar Droiċead an Ṗiarsaiġ.**

Tosaíoḋ ar an droiċead seo a ṫógáil faoi Rialtas na Sasana, ag cruinniú poiblí i Rosmuc i 1906, a raiḃ Pádraig Mac Piarais mar príoṁ-ċainteoir aige. Ṁol sé go mbrúfaí ar aġaiḋ an teanga Ġaeilge go ciúin socair, aċ go cinnte. "Ná bímís a' caint an iomad faoi Ġaeilge, adúirt sé, aċ tabharaimís neart do caiṫeaṁ aimsire Gaelaċ, agus i nGaeilge, don ṗobal."